Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Meán Fómhair 2023 (OR. en)**

**13413/23**

**ENT 198**
**MI 788**
**COMPET 918**
**TELECOM 278**
**ECO 64**
**DELACT 143**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 12500/23 - C(2023) 4823 Final |
| Ábhar: | Rialachán Tarmligthe (AE).../... ón gCoimisiún an 20.7.2023 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/30 a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm na gceanglas fíor-riachtanach maidir le trealamh raidió agus lena gceartaítear an Rialachán sin<br>- Rún gan agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe |

1. An 21 Lúnasa 2023, chuir an Coimisiún an dréachtrialachán tarmligthe thuasluaite faoi bhráid na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 3 den Treoir maidir le trealamh Raidió 2014/53/AE (an Treoir maidir le Trealamh Raidió)[1].

2. Ar bhonn Airteagal 3 thuas, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/30[2] a tháinig i bhfeidhm an 1 Feabhra 2022, agus a bheidh infheidhme ón 1 Lúnasa 2024 amach.

---

[1] Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62–106), leagan comhdhlúite reatha – 27/12/22.

[2] Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/30 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Treoir 2014/53/AE maidir le cur i bhfeidhm na mbuncheanglas dá dtagraítear in Airteagal 3(3), pointí (d), (e) agus (f), den Treoir sin (IO L 7, 12.1.2022, lch. 6).

3. Is é is cuspóir don dréachtrialachán tarmligthe seo Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/30 a leasú chun cur i bhfeidhm a fhorálacha a chur siar ionas go mbeidh dóthain ama ag na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú aghaidh a thabhairt ar na hábhair agus ar na fadhbanna casta a bhaineann leis na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha a ullmhú. Is é ceartú earráide i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/30 an cuspóir eile a bhaineann leis an dréachtrialachán tarmligthe.

4. An 30 Lúnasa 2023, iarradh ar na toscaireachtaí aon agóidí a d'fhéadfadh a bheith acu i gcoinne an dréachtrialacháin tharmligthe a léiriú faoin 26 Meán Fómhair 2023. Níor tharraing aon toscaireacht anuas aon fhoras agóide.

4. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle a dhearbhú, mar mhír gan phlé ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, an neamhagóid i dtaobh an dréachtrialacháin tharmligthe, mar a leagtar amach in 12500/23 é, agus go gcuirfear an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi sin. Ciallaíonn sé sin, mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne, go bhfoilseofar agus go nglacfar an gníomh tarmligthe tar éis an 22 Deireadh Fómhair 2023, i gcomhréir le hAirteagal 17(3) de Rialachán (AE) 2021/690.